



Uimhir 6 de 2025

An tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil agus Forálacha Eile) (Leasú), 2025
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 6 de 2025

**AN tACHT AIRGEADAIS (CÁIN MHAOINE ÁITIÚIL AGUS
FORÁLACHA EILE) (LEASÚ), 2025**

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme

CUID 2

LEASÚ AR AN ACHT AIRGEADAIS (CÁIN MHAOINE ÁITIÚIL), 2012

2. Míniú
3. Feidhm
4. Leasú ar alt 10D d'Acht 2012
5. Maoine cónaithe áirithe eile ar úsáideadh bloic choincríte lochtacha chun iad a fhoirgníú
6. Leasú ar alt 13 d'Acht 2012
7. Leasú ar alt 15A d'Acht 2012
8. Leasú ar alt 17 d'Acht 2012
9. Leasú ar alt 20 d'Acht 2012
10. Leasú ar alt 39 d'Acht 2012
11. Leasú ar alt 132 d'Acht 2012
12. Leasuithe iarmhartacha ar Acht 2012

CUID 3

LEASÚ AR AN ACHT COMHDHLÚITE CÁNACHA, 1997

13. Leasú ar alt 817U den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997

CUID 4

LEASÚ AR AN ACHT COMHDHLÚITE CÁNACH BREISLUACHA, 2010

14. Leasú ar alt 46 den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010

[Uimh. 6.]

*An tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil
agus Forálacha Eile) (Leasú), 2025.*

[2025.]

NA HÁCHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012 (Uimh. 52)

Limited Partnerships Act, 1907 (7 Edw. 7, c. 24)

An tAcht um Leasúchán ar Theaghaisí a nDearnadh Damáiste Dóibh mar gheall ar Úsáid Bloc
Coincréite Lochtach, 2022 (Uimh. 28)

An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Uimh. 39)

An tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010 (Uimh. 31)



Uimhir 6 de 2025

AN tACHT AIRGEADAIS (CÁIN MHAOINE ÁITIÚIL AGUS FORÁLACHA EILE) (LEASÚ), 2025

[An tiontú oifigiúil]

Acht do leasú an Achta Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012; do leasú an Achta Comhdhlúite Cánacha, 1997; do leasú an Achta Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [2 Iúil 2025]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Gearrtheideal agus tosach feidhme

1. (1) Féadfar an tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil agus Forálacha Eile) (Leasú), 2025 a ghairm den Acht seo.
- (2) Tiocfaidh an tAcht seo, seachas *Codanna 3* agus *4*, i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

CUID 2

LEASÚ AR AN ACHT AIRGEADAIS (CÁIN MHAOINE ÁITIÚIL), 2012

Míniú

2. Sa Chuid seo, ciallaíonn “Acht 2012” an tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012.

Feidhm

3. Ní bheidh feidhm ag an leasú ar Acht 2012 a dhéantar leis na forálacha seo a leanas ach amháin i leith na bliana 2026 agus gach bliana ina dhiaidh sin:

(a) *alt 7*;

(b) *alt 8*;

(c) *alt 11*.

Leasú ar alt 10D d'Acht 2012

4. Leasaítear alt 10D d'Acht 2012—

(a) i bhfo-alt (2)(b)(iii), trí “gairmí foirgníochta inniúil” a chur in ionad “innealtóir inniúil”, agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

“(6) San alt seo—

ciallaíonn ‘Acht 2022’ an tAcht um Leasúchán ar Theaghaisí a nDearnadh Damáiste Dóibh mar gheall ar Úsáid Bloc Coincréite Lochtach, 2022;

tá le ‘deimhniú leasúcháin’ an bhrí a shanntar dó le hAcht 2022;

tá le ‘gairmí foirgníochta inniúil’ an bhrí a shanntar dó le Cuid 2 d'Acht 2022;

tá le ‘incháilitheacht a dhaingniú’ an bhrí a shanntar dó leis na Rialacháin um Theaghaisí a nDearnadh Damáiste Dóibh mar gheall ar an Úsáid a Baineadh as Bloic Choincréite Lochtacha chun iad a Fhoirgniú (Leasúchán) (Cúnamh Airgeadais), 2020 (I.R. Uimh. 25 de 2020) faoi mar a bhí na Rialacháin sin roimh theacht i ngníomh d’alt 55 d'Acht 2022;

tá le ‘bloic choincréite lochtacha’ an bhrí a shanntar dó le hAcht 2022.”.

Maoine cónaithe áirithe eile ar úsáideadh bloic choincréite lochtacha chun iad a fhoirgniú

5. Leasaítear Acht 2012 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 10D:

“**10E.** (1) Faoi réir fho-alt (2), ní mheasfar gur maoín chónaithe iomchuí chun críocha alt 16(1) maoín chónaithe, a ndearnadh damáiste di mar gheall ar an úsáid a baineadh as bloic choincréite lochtacha chun í a fhoirgniú, i gcás go ndéanfar cinneadh faoi alt 15(1)(a) d'Acht 2022 go sroicheann an mhaoin chónaithe an tairseach dhamáiste agus gur eisíodh fógra á rá sin faoi alt 15(5) den Acht sin.

(2) D’ainneoin fho-alt (1), ní mheasfar gur maoín chónaithe iomchuí chun críocha alt 16(1) maoín chónaithe i ndáil le sé dháta dliteanais chomhleanúnacha dar tosach an chéad dáta dliteanais arb air nó roimhe, sa mhéid go mbaineann sé le maoín dá dtagraítear i bhfo-alt (1), a eisíodh an fógra dá dtagraítear i bhfo-alt (1), i gcás go mbeidh an chéad dáta dliteanais sin ann dáta déanta na Rialachán um Leasúchán ar Theaghaisí a nDearnadh Damáiste Dóibh mar gheall ar Úsáid Bloc Coincréite Lochtach, 2023 (I.R. Uimh. 347 de 2023) nó dá éis.

(3) San alt seo—

ciallaíonn ‘Acht 2022’ an tAcht um Leasúchán ar Theaghaisí a nDearnadh Damáiste Dóibh mar gheall ar Úsáid Bloc Coincréite Lochtach, 2022;

[2025.]

An tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil agus Forálacha Eile) (Leasú), 2025.

[Uimh. 6.] CD.2 A.5

tá le ‘tairseach dhamáiste’ an bhrí a shanntar dó le halt 15(1)(a) d’Acht 2022;

tá le ‘bloic choincréite lochtacha’ an bhrí a shanntar dó le hAcht 2022.”.

Leasú ar alt 13 d’Acht 2012

6. Leasaítear alt 13 d’Acht 2012—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1A):

“(1A) San Acht seo, gairtear tréimhse luachála de thréimhse blianta dá dtagraítear i mír (a), (b), (c) nó (d) d’fho-alt (2).”,

agus

(b) i bhfo-alt (2)—

(i) i mír (b), trí “agus” a scriosadh,

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) an 1 Samhain 2025 do na blianta 2026 go 2030, agus”,

agus

(iii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(d) do gach tréimhse 5 bliana chomhleanúnach tar éis na bliana 2030, an 1 Samhain sa bhliain roimh an gcéad bhliain den tréimhse 5 bliana áirithe.”.

Leasú ar alt 15A d’Acht 2012

7. Leasaítear alt 15A d’Acht 2012—

(a) i bhfo-alt (1), trí “€105,000” a chur in ionad “€50,000”, agus

(b) i bhfo-alt (3), trí “€105,000” a chur in ionad “€50,000”.

Leasú ar alt 17 d’Acht 2012

8. Leasaítear alt 17 d’Acht 2012—

(a) i bhfo-alt (2), trí “€95” a chur in ionad “€90”,

(b) i bhfo-alt (3), trí “€235” a chur in ionad “€225”,

(c) i bhfo-alt (4), trí “0.000906” a chur in ionad “0.001029”,

(d) i bhfo-alt (5)—

(i) trí “€1,260,000” a chur in ionad “€1,050,000”, agus

(ii) trí “0.000906” a chur in ionad “0.001029”,

(e) i bhfo-alt (6)—

(i) trí “€2,100,000” a chur in ionad “€1,750,000” gach áit a bhfuil sé,

- (ii) trí “€1,260,000” a chur in ionad “€1,050,000”, agus
- (iii) trí “0.000906” a chur in ionad “0.001029”, agus
- (f) tríd an Tábla seo a leanas a chur in ionad an Tábla a ghabhann leis an alt sin:

“AN TÁBLA

Uimhir an bhanda (1)	An banda luachála (2)	Lárphointe an bhanda luachála (3)
1	1-240,000	-
2	240,001-315,000	-
3	315,001-420,000	367,500
4	420,001-525,000	472,500
5	525,001-630,000	577,500
6	630,001-735,000	682,500
7	735,001-840,000	787,500
8	840,001-945,000	892,500
9	945,001-1,050,000	997,500
10	1,050,001-1,155,000	1,102,500
11	1,155,001-1,260,000	1,207,500
12	1,260,001-1,365,000	1,312,500
13	1,365,001-1,470,000	1,417,500
14	1,470,001-1,575,000	1,522,500
15	1,575,001-1,680,000	1,627,500
16	1,680,001-1,785,000	1,732,500
17	1,785,001-1,890,000	1,837,500
18	1,890,001-1,995,000	1,942,500
19	1,995,001-2,100,000	2,047,500

”.

Leasú ar alt 20 d’Acht 2012

9. Leasaítear alt 20 d’Acht 2012 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) Maidir leis an bhfachtóir coigeartaithe áitiúil—

- (a) ní fhágfaidh sé go dtiocfaidh méadú ar an mbunráta is mó ná 25 faoin gcéad, nó
- (b) ní fhágfaidh sé go dtiocfaidh laghdú ar an mbunráta is mó ná 15 faoin gcéad.”.

Leasú ar alt 39 d’Acht 2012

10. Leasaítear alt 39 d’Acht 2012, i mír (a), trí “an seoladh (lena n-áirítear *Eircode*),” a chur in ionad “an seoladh,”.

Leasú ar alt 132 d'Acht 2012**11.** Leasaítear alt 132 d'Acht 2012—

- (a) i bhfo-alt (1)(b), trí “€25,000” a chur in ionad “€18,000”,
- (b) i bhfo-alt (2), trí “€40,000” a chur in ionad “€30,000”,
- (c) i bhfo-alt (3)(i), trí “€40,000” a chur in ionad “€30,000”, agus
- (d) i bhfo-alt (3)(ii), trí “€55,000” a chur in ionad “€42,000”.

Leasuithe iarmhartacha ar Acht 2012**12.** Leasaítear Acht 2012—

- (a) in alt 3, trí “10E,” a chur in ionad “10D,”,
- (b) in alt 3A, trí “10C, 10D nó 10E,” a chur in ionad “10C nó 10D,” sa dá áit a bhfuil sé,
- (c) in alt 35(7), trí “10C, 10D nó 10E” a chur in ionad “10C nó 10D”,
- (d) in alt 41A, trí “10C, 10D agus 10E” a chur in ionad “10C agus 10D”, agus
- (e) in alt 41B(1)(a), trí “10C, 10D agus 10E” a chur in ionad “10C agus 10D”.

CUID 3

LEASÚ AR AN ACHT COMHDHLÚITE CÁNACHA, 1997

Leasú ar alt 817U den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997**13.** (1) Leasaítear alt 817U den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997—

- (a) i bhfo-alt (3)—
 - (i) i mír (d), trí “nó” a scriosadh,
 - (ii) i mír (e), trí “(d), nó” a chur in ionad “(d).”, agus
 - (iii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (e):

“(f) i ndáil le gach eintiteas ar leith den dá eintiteas (dá ngairtear ‘an t-eintiteas céadluaite’ sa mhír seo), maidir le pearsa aonair (dá ngairtear ‘an phearsa aonair chéadluaite’ sa mhír seo) agus, faoi réir fho-alt (3A), maidir le haon eintiteas nó pearsa aonair eile atá bainteach (de réir bhrí alt 10) leis an bpearsa aonair chéadluaite—

 - (i) go bhfuil an méid seo a leanas aige nó aici nó go bhfuil teideal tairbhiúil aige nó aici chuig an méid seo a leanas, go díreach nó go neamhdhíreach—
 - (I) i gcás go bhfuil scairchaipiteal ag an eintiteas céadluaite, níos mó ná 50 faoin gcéad de scairchaipiteal eisithe an eintitis sin, nó

(II) i gcás nach bhfuil scairchaipiteal ag an eintiteas céadluaite, leas is mó ná 50 faoin gcéad de na cearta úinéireachta san eintiteas sin,

nó

(ii) go sealbhaíonn sé nó sí, go díreach nó go neamhdhíreach, cibé cearta a thabharfadh teideal—

(I) i gcás gur cuideachta an t-eintiteas céadluaite, dá ndéanfaí iomlán bhrabúis an eintitis sin a dháileadh, don phearsa aonair chéadluaite, agus d’aon eintiteas nó pearsa aonair eile atá bainteach (de réir bhrí alt 10) leis an bpearsa aonair chéadluaite, chun níos mó ná 50 faoin gcéad de na brabúis a dáileadh amhlaidh a fháil, nó

(II) i gcás nach cuideachta an t-eintiteas céadluaite, don phearsa aonair chéadluaite, agus d’aon eintiteas nó pearsa aonair eile atá bainteach (de réir bhrí alt 10) leis an bpearsa aonair chéadluaite, chun sciar is mó ná 50 faoin gcéad de bhrabúis an eintitis chéadluaite a fháil,

nó

(iii) go bhfuil sé nó sí i dteideal, go díreach nó go neamhdhíreach, níos mó ná 50 faoin gcéad den chumhacht vótála san eintiteas céadluaite a fheidhmiú.”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) (a) Chun críocha fho-alt (3)(f), ní oibreoidh fo-ailt (5) agus (8) d’alt 10 ar shlí a fhágfaidh go mbeidh pearsa aonair (dá ngairtear ‘an phearsa aonair chéadluaite’ sa mhír seo) bainteach le haon eintiteas nó pearsa aonair eile de bhíthin amháin go bhfuil an phearsa aonair chéadluaite agus an t-eintiteas nó an phearsa aonair eile sin i gcomhpháirtíocht i gcás—

(i) nach mó ná 5 faoin gcéad leas na pearsan aonair céadluaite i gcearta úinéireachta na comhpháirtíochta sin, agus

(ii) gur comhpháirtí teoranta sa chomhpháirtíocht sin an phearsa aonair chéadluaite,

i gcás nach mbeadh an phearsa aonair chéadluaite, nó nach mbeadh daoine atá bainteach leis an bpearsa aonair chéadluaite, bainteach ar shlí eile (de réir bhrí alt 10) leis an eintiteas nó leis an bpearsa aonair eile sin.

(b) Chun críocha mhír (a), ciallaíonn comhpháirtí teoranta—

(i) duine a sheolann gnó mar chomhpháirtí teoranta i gcomhpháirtíocht theoranta atá cláraithe de réir an *Limited Partnerships Act*, 1907,

- (ii) duine a sheolann gnó mar chomhpháirtí ginearálta i gcomhpháirtíocht agus nach bhfuil i dteideal páirt a ghlacadh i mbainistiú an ghnó ach atá i dteideal go ndéanfaidh duine éigin eile a chuid dliteanas nó a cuid dliteanas, nó a chuid dliteanas nó a cuid dliteanas thar theorainn áirithe, i leith fiacha nó oibleagáidí a tabhaíodh chun críocha an ghnó, a urscaoileadh nó a chúiteamh, nó
 - (iii) duine a sheolann gnó i gcomhpháirt le daoine eile faoi aon chomhaontú, comhshocraíocht, scéim nó comhthuisceant a rialaítear le dlí aon chríche lasmuigh den Stát agus nach bhfuil, faoi dhlí na críche sin, i dteideal páirt a ghlacadh i mbainistiú an ghnó agus nach bhfuil faoi dhliteanas thar theorainn áirithe i leith fiacha nó oibleagáidí a tabhaíodh chun críocha an ghnó.”.
- (2) Beidh éifeacht le *fó-alt (I)* maidir le híocaíocht iomchuí nó dáileadh iomchuí (iad araon de réir bhrí alt 817U den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997) a dhéanfar ar an 1 Eanáir 2026 nó dá éis.

CUID 4

LEASÚ AR AN ACHT COMHDHLÚITE CÁNACH BREISLUACHA, 2010

Leasú ar alt 46 den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010

- 14.** Leasaítear alt 46(1) den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010, i mír (caa), trí “31 Deireadh Fómhair 2025” a chur in ionad “30 Aibreán 2025” le héifeacht amhail ar an agus ón 3 Aibreán 2025.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€2.54

